2025/1349

9.7.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2025/1349 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/740 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/740 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/449/CBES [1], agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/740.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Chinneadh (CBES) 2015/740, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Tháinig an Chomhairle ar an tátal gur cheart na bearta sriantacha in aghaidh duine amháin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/740 a choinneáil ar bun agus gur cheart an iontráil don duine sin a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/740 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/740 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE

[1] IO L 117, 8.5.2015, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/740/oj.

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/740, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil Uimh. 1:

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1.	Michael MAKUEI LUETH	Dáta breithe: 1947 Áit bhreithe: Bor, an tSúdáin Theas; Bor, an tSúdáin Inscne: fireann	Tá Michael Makuei Lueth sa phost mar Aire Faisnéise agus Craolacháin ó 2013 i leith agus tá sé fós sa phost sin i Rialtas Idirthréimhseach Athbheoite na hAontachta Náisiúnta sa tSúdáin Theas. Bhí sé ina urlabhraí poiblí freisin do thoscaireacht an rialtais chuig cainteanna síochána an Údaráis Idir-rialtasaigh Forbartha ó 2014 go 2015 agus ó 2016 go 2018. Chuir Michael Makuei Leuth bac, go háirithe trí ráitis phoiblí ghríosaitheacha, ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Réiteach na Coinbhleachta sa tSúdáin Theas (ARCSS) i mí Lúnasa 2015 (ar cuireadh “ARCSS Athbheoite” (R-ARCSS) ina ionad i mí Mheán Fómhair 2018), ar obair Choimisiún Comhpháirteach Faireacháin agus Meastóireachta ARCSS (JMEC, a athainmníodh mar “JMEC Athbhunaithe” faoi R-ARCSS), ar bhunú Institiúidí Ceartais Idirthréimhsigh ARCSS (dá bhforáiltear freisin in R-ARCSS), agus ar oibríochtaí Fhórsa Cosanta Réigiúnaí na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, tá baint ag Michael Makuei Leuth le ciorrú córasach an spáis pholaitiúil agus dhaonlathaigh agus le cur faoi chois na meán,, lena n-áirítear trí bhagairtí rialta ar iriseoirí agus trí thacaíocht a thabhairt do chinsireacht na meán, rud a chuireann bac ar an daonlathú agus ar an tsíocháin inbhuanaithe sa tSúdáin Theas. Ó thús 2025, dhiúltaigh Michael Makuei Leuth go poiblí d’iarrataí ar idirphlé, le reitric achrannach agus tarcaisneach, agus an teannas ag éirí níos measa. Chosain Michael Makuei Leuth na gabhálacha i gcoinne an Chéad Leas-Uachtaráin Riek Machar agus a chomhghuaillithe, rud a chuir bac ar iarrachtaí an lasóg a bhaint den bharrach. Tá bac á chur, dá bhrí sin, ag Michael Makuei Leuth ar an bpróiseas polaitiúil sa tSúdáin Theas agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	3.2.2018’